2025/1295

30.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1295 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Meitheamh 2025

lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe i gComhairle Comhpháirtíochta an Chomhaontaithe sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) de, i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair' nó 'an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, tar éis é a bheith á chur i bhfeidhm go sealadach ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann.

(2) Is iad cuspóirí Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh den Chomhaontú Trádála agus Comhair ('Teideal VIII') trádáil agus infheistíocht a éascú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') sna réimsí fuinnimh agus amhábhar, agus tacú le slándáil an tsoláthair agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus go háirithe rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide sna réimsí sin.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 331(1) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, scoirfidh Teideal VIII d'fheidhm a bheith aige an 30 Meitheamh 2026.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 331(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair, idir an 1 Iúil 2026 agus an 31 Nollaig 2026, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta a chinneadh síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII go dtí an 31 Márta 2027. Idir an 1 Aibreán 2027 agus an 31 Nollaig 2027, agus ag aon tráth in aon bhliain ina dhiaidh sin, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta a chinneadh síneadh eile a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII go dtí an 31 Márta den bhliain ina dhiaidh sin.

(5) Chun cuspóirí Theideal VIII a bhaint amach, is iomchuí don Aontas agus don Ríocht Aontaithe dearbhú comhpháirteach a dhéanamh sa Chomhairle Comhpháirtíochta ina gcuirfear in iúl a dtuiscint pholaitiúil gurbh iomchuí síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII.

(6) Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe le dearbhú comhpháirteach a ghlacadh i gComhairle Comhpháirtíochta an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhairle Comhpháirtíochta ina gcuirfear in iúl a dtuiscint pholaitiúil gurbh iomchuí síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII, a bhunú. Dhéanfaí an méid sin i gcomhréir le h Airteagal 331(2) den Chomhaontú, ar bhonn an chothromaíocht fhoriomlán idir cearta agus oibleagáidí a choinneáil ar bun ar bhealach inbhuanaithe.

([1]) Cinneadh (AE) 2021/689 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, agus an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bhaineann le nósanna imeachta slándála le haghaidh malartú agus cosaint faisnéise rúnaicmithe (IO L 149, 30.4.2021, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/689/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhairle Comhpháirtíochta arna bunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, leagtar amach é sa Dréachtdearbhú Comhpháirteach ón gComhairle Comhpháirtíochta atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

P. HENNIG-KLOSKA

DRÉACHT

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH …/2025 ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT AONTAITHE SA CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA ARNA BUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ TRÁDÁLA AGUS COMHAIR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN COMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH, DE PHÁIRT, AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, DEN PHÁIRT EILE

an …

Athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ('an Ríocht Aontaithe') a dtiomantas do chur chun feidhme iomlán an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, mar chuid de chomhpháirtíocht eacnamaíoch atá uaillmhianach, fairsing agus cothrom agus a bhfuil tairbhí frithpháirteacha ag baint léi.

Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise chuspóirí Chuid a Dó, Ceannteideal a hAon, Teideal VIII maidir le fuinneamh den Chomhaontú Trádála agus Comhair ('Teideal VIII'), is é sin trádáil agus infheistíocht a éascú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe sna réimsí fuinnimh agus amhábhar, agus tacú, ar bhonn leanúnach, le slándáil an tsoláthair agus an inbhuanaitheacht comhshaoil, agus go háirithe rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide sna réimsí sin, tá tuiscint pholaitiúil idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe gur cheart na cuspóirí sin a shaothrú ar bhonn leanúnach agus gurbh iomchuí síneadh a chur le cur i bhfeidhm Theideal VIII.

Dhéanfaí é sin le cinntí comhleanúnacha a dhéanfaí i gcomhréir le hAirteagal 331(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.